CINNEADH (AE) 2022/121 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2022

lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir le faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí agus le srian a chur le cearta áirithe dá gcuid i gcomhthéacs sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha iarrataí agus gearáin a láimhseáil faoi na Rialacháin Foirne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 249(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]) ("na Rialacháin Foirne"), ceanglaítear ar an gCoimisiún freagra a thabhairt ar iarrataí agus ar ghearáin áirithe. Is é an tAonad "Achomhairc agus Faireachán ar Chásanna" de chuid na hArd-Stiúrthóireachta atá freagrach as Acmhainní Daonna agus Slándáil ("DG HR") a chomhlíonann na cúraimí sin go príomha, ar Ard-Stiúrthóireacht í a dhéanann amach na fíorais ábhartha agus a dhéanann measúnú orthu ó thaobh an dlí de chun cúnamh a thabhairt don Údarás Ceapacháin nó don Údarás atá freagrach as Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích ("an tÚdarás") chun cinneadh a dhéanamh.

(2) Le hAirteagal 22c de na Rialacháin Foirne ceanglaítear ar an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 90 de na Rialacháin Foirne, nós imeachta a chur ar bun chun gearáin a dhéanann oifigigh maidir leis an gcaoi a gcaitear leo tar éis neamhrialtacht thromchúiseach a thuairisciú nó mar iarmhairt air sin a láimhseáil de bhun Airteagail 22a agus 22b de na Rialacháin Foirne ([2]).

(3) Le hAirteagal 24 de na Rialacháin Foirne ceanglaítear ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt d'oifigigh in imeachtaí i gcoinne daoine a dhéanfadh bagairtí, ráitis mhaslacha nó chlúmhillteacha, nó ionsaithe ar dhuine nó ar mhaoin a bhainfeadh leis féin nó le ball dá theaghlach de bharr a phoist nó a dhualgas.

(4) Le hAirteagal 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne ceadaítear d'aon duine a bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leo iarraidh ar an Údarás cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí a bhaineann leis, nó gearán a dhéanamh i gcoinne cinneadh a dhéanann difear díobhálach dó.

(5) I gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí sin, déanann an Coimisiún faisnéis ábhartha a bhailiú agus a phróiseáil. Áirítear leis an bhfaisnéis sin sonraí pearsanta, go háirithe sonraí aitheantais, sonraí teagmhála agus sonraí iompraíochta. Déanann seirbhísí inniúla an Choimisiúin sonraí pearsanta a tharchur chuig seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin ar bhonn "riachtanas eolais".

(6) Stóráiltear na sonraí pearsanta i dtimpeallacht fhisiceach leictreonach shlán chun rochtain neamhdhleathach nó aistriú sonraí chuig daoine nach bhfuil gá acu le bheith ar an eolas a chosc. Ag deireadh na próiseála coinnítear na sonraí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid an Choimisiúin ([3]).

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

([2]) Fógra Riaracháin Uimh. 79-2013 an 19 Nollaig 2013 *'Update of the arrangements for submitting requests and complaints (Article 90(1) and (2) of the Staff Regulations) and requests for assistance (Article 24 of the Staff Regulations)* [Nuashonrú ar na socruithe chun iarrataí agus gearáin (Airteagal 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne) agus iarrataí ar chúnamh (Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne) a chur isteach].

([3]) Maidir le comhaid a choinneáil sa Choimisiúin, tá sé faoi rialú ag Liosta Coinneála Coiteann ar Leibhéal an Choimisiúin, doiciméad rialála i bhfoirm sceideal coinneála lena suitear na tréimhsí coinneála le haghaidh na gcineálacha éagsúla comhad de chuid an Choimisiúin (SEC(2019)900). Léirítear na tréimhsí coinneála le haghaidh sonraí pearsanta san fhógra príobháideachais maidir le láimhseáil iarrataí agus gearán faoi na Rialacháin Foirne.

(7) Agus cúraimí an Choimisiúin á gcomhlíonadh aige faoi na Rialacháin Foirne, tá sé de cheangal air cearta daoine nádúrtha a urramú i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta mar a aithnítear le hAirteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 16(1) den Chonradh, agus tá sé de cheangal air na cearta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])a urramú freisin. Ag an am céanna, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún rialacha dochta rúndachta agus rúndachta gairmiúla a chomhlíonadh.

(8) I gcúinsí áirithe, is gá cearta na n-ábhar sonraí de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 a réiteach leis an riachtanas chun cosc, imscrúdú, brath agus ionchúiseamh cionta coiriúla a chosaint agus chun éifeachtacht fhreagra an Choimisiúin ar líomhaintí maidir le ciapadh agus iompraíocht mhíchuí nó ionsaithe eile a áirithiú, agus cearta bunúsacha agus saoirsí na n-ábhar sonraí eile á n-urramú go hiomlán aige. Chuige sin, le hAirteagal 25(1), pointí (b), (c), (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, údaraítear an Coimisiún le srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 17, 19, 20 agus 35 den Rialachán sin, agus prionsabal na trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 4(1)(a) de, a mhéid a chomhfhreagraíonn forálacha an Airteagail sin do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 17, 19 agus 20 den Rialachán sin.

(9) D'fhéadfadh sé gur amhlaidh a bheadh an scéal go háirithe maidir le faisnéis a sholáthar faoi phróiseáil sonraí pearsanta don duine a ndéantar iarraidh nó gearán ina leith ("an duine lena mbaineann"), go háirithe i gcás ina dtionscnaítear an nós imeachta ó iarraidh ar chúnamh faoi Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne lena líomhnaítear ciapadh. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh srian a chur le faisnéis den sórt sin a sholáthar don duine lena mbaineann chun cearta agus saoirsí an iarrthóra, an ghearánaigh nó an fhinné a chosaint de bhun Airteagal 25(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2018/1725. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh déanamh amhlaidh, go háirithe chun na daoine sin a chosaint ar fhrithbheartaíocht a d'fhéadfadh na daoine lena mbaineann a dhéanamh, ar daoine iad a ndearnadh líomhaintí ina leith de mheon macánta, ach nach raibh aon bheart ón údarás mar thoradh orthu. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach srian a chur le faisnéis den sórt sin a sholáthar chun ciapadh nó iompraíocht mhíchuí eile nó ionsaithe a chosc sa Choimisiún (go háirithe san eintiteas eagraíochtúil i gcás ina n-oibríonn an duine lena mbaineann in éineacht leis an iarrthóir, leis an ngearánach agus/nó leis an bhfinné).

(10) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach freisin srian a chur le cearta an duine lena mbaineann i gcás ina bhféadfaí faisnéis a nochtadh, de bharr fheidhmiú na gceart sin, faoin iarrthóir, faoin ngearánach nó faoin bhfinné a d'iarr nach n-ainmneofaí iad. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh srian a chur leis an gceart rochtana ar an ráiteas maidir leis an duine lena mbaineann nó lena chearta eile chun cearta agus saoirsí an iarrthóra, an ghearánaigh nó an fhinné a chosaint ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris 9. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh déanamh amhlaidh de bhun Airteagal 25(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2018/1725.

(11) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach freisin srian a chur le cearta an duine lena mbaineann chun feidhm faireacháin, iniúchta nó rialaithe atá nasctha le feidhmiú údarás oifigiúil a chosaint i gcás inarb é cuspóir thábhachtach a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais, eadhon éifeachtacht fhreagra an Choimisiúin ar líomhaintí maidir le ciapadh agus maidir le haon iompraíocht mhíchuí nó ionsaithe eile, atá idir chamáin. Ciapadh agus aon iompraíocht mhíchuí nó ionsaithe a chomhrac, is cuspóir é sin a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais, lena n-áirítear leas poiblí ginearálta an Choimisiúin. Ina theannta sin, tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt dá bhaill foirne de bhun Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne. Ionas nach mbeidh drogall ar bhaill foirne cásanna ina mbraitear go ndearnadh ciapadh agus iompraíocht mhíchuí eile nó ionsaithe a thuairisciú agus cúnamh a iarraidh sa chomhthéacs sin, rud atá le leas poiblí an Aontais, ní mór a áirithiú nach bhfaighidh na daoine lena mbaineann amach faoin iarraidh ar chúnamh a bhaineann leo. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe i gcásanna ina n-aimsíonn an tÚdarás nach ndearnadh ciapadh de réir bhrí na Rialachán Foirne. I gcás den sórt sin, d'éileodh leas poiblí an Aontais nach bhfaigheadh an duine lena mbaineann amach faoin iarraidh ar chúnamh chun a áirithiú go bhféadfadh baill foirne dul i muinín an nós imeachta faoi Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne agus chun coinbhleachtaí nua a chosc. I ndáil leis sin, féadfaidh an Coimisiún srian a chur le cearta an duine lena mbaineann de bhun Airteagal 25(1), pointí (c) agus (g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295 an 21.11.2018, lch. 39).

(12) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach freisin srian a chur le cearta an duine lena mbaineann chun cosc, imscrúdú, brath agus ionchúiseamh cionta coiriúla a chosaint, ar cionta iad a thuairiscíonn iarrthóirí, gearánaigh nó finnéithe don Choimisiún i ndáil leis an duine lena mbaineann. Mar shampla, féadfaidh iarrthóirí, gearánaigh agus finnéithe iompraíocht mhíchuí agus ciapadh síceolaíoch nó gnéaschiapadh a thuairisciú. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún srian a chur le cearta an duine lena mbaineann de bhun Airteagal 25(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1725.

(13) Ceanglaíonn na Rialacháin Foirne ar an gCoimisiún a áirithiú gur go rúnda a dhéileáiltear le hiarrataí agus le gearáin faoi na Rialacháin sin. Chun an rúndacht sin a áirithiú, agus caighdeáin chosanta maidir le sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 á n-urramú, ní mór rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina bhféadfaidh an Coimisiún srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (b), (c), (g) agus (h) de Rialachán (AE) 2018/1725.

(14) Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha inmheánacha i leith na n-oibríochtaí próiseála uile a dhéanann an Coimisiún i gcomhlíonadh a chúraimí maidir le hiarrataí agus gearáin a láimhseáil faoi na Rialacháin Foirne.

(15) Chun Airteagail 14, 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún gach duine aonair a chur ar an eolas faoina ghníomhaíochtaí ina bpróiseáiltear a sonraí pearsanta agus a gcearta, ar bhealach atá trédhearcach agus comhleanúnach, trí bhíthin fógra cosanta sonraí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. I gcás inarb ábhartha, ba cheart don Choimisiún na hábhair sonraí atá bainteach le hiarraidh nó le gearán, is é sin, na hiarrthóirí agus na gearánaigh, na daoine lena mbaineann agus na finnéithe, a chur ar an eolas, ar dhóigheanna iomchuí, ar bhonn aonair.

(16) Ba cheart don Choimisiún na srianta uile a láimhseáil ar bhealach trédhearcach agus gach cur i bhfeidhm srianta a chlárú sa chóras taifid comhfhreagrach.

(17) A mhéid a bhaineann le srianta le feidhmiú Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725, lena bhforáiltear nach mór, i gcás nach bhfuarthas sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas laistigh de mhí ar a dhéanaí, ba cheart don Choimisiún taifead a dhréachtú, laistigh de mhí, ina mbeidh tuairisc ar na cúiseanna atá le haon srian a chuirfear i bhfeidhm. Ba cheart measúnú cás ar chás ar an ngá atá leis an srian agus a chomhréireacht a áireamh sa taifead sin.

(18) De bhun Airteagal 25(8) de Rialachán (AE) 2018/1725, féadfaidh rialaitheoirí soláthar faisnéise a bhaineann leis na phríomhchúiseanna atá le srian a chur leis an ábhar sonraí a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú, dá gcuirfeadh soláthar na faisnéise sin éifeacht an tsriain ar ceal. Is amhlaidh atá go háirithe i ndáil leis na srianta a chuirtear le feidhmiú Airteagail 16 agus 35 den Rialachán sin.

(19) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na srianta a fhorchuirtear chun a áirithiú nach gcuirfear srian le cearta an ábhair sonraí go gcuirfí ar an eolas é i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 35 de Rialachán (AE) 2018/1725 ach a fhad a bheidh gá le srianta den sórt sin ar na cúiseanna a liostaítear in aithris 8.

(20) Ba cheart cur i bhfeidhm na srianta a athbhreithniú nuair a bheidh freagra á thabhairt ar iarrataí a chuirtear isteach faoi Airteagail 22c agus 24 agus Airteagal 90(1) de na Rialacháin Foirne agus ar ghearáin a chuirtear isteach faoi Airteagal 22c agus Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, nó nuair a bheidh clabhsúr á chur ar iarrataí agus ar ghearáin den sórt sin, cibé is túisce. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an ngá atá le srianta a choinneáil ar bun.

(21) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach cur i bhfeidhm srian a choinneáil ar bun, go háirithe srian le cur i bhfeidhm Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725, go dtí nach mbeidh na sonraí pearsanta atá i gceist á gcoinneáil ag an gCoimisiún a thuilleadh. I gcás den sórt sin, níor cheart an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta. D'fhéadfadh cás den sórt sin a bheith ann go háirithe i gcás ina bhfuil baol mór ann go ndéanfaí dochar do chearta agus do shaoirsí daoine eile dá soláthrófaí faisnéis maidir le próiseáil sonraí pearsanta don duine lena mbaineann. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina ndiúltódh an tÚdarás iarraidh ar chúnamh a dhéanfaí de mheon macánta i leith iompraíocht a bhraitear a bheith míchuí a rinne an duine lena mbaineann, agus dá mbeadh an duine lena mbaineann agus an t-iarrthóir ag obair le chéile san eintiteas eagraíochtúil céanna. I gcás den sórt sin, tá an baol ann go ndéanfaí frithbheartaíocht ar an iarrthóir agus go gcuirfí isteach ar atmaisféar oibre an eintitis eagraíochtúil trí chéile. I gcás den sórt sin, níor cheart sonraí pearsanta an duine lena mbaineann a choinneáil ach a fhad is ábhartha na sonraí maidir le láimhseáil na hiarrata agus/nó an ghearáin agus a fhad a bheidh an gearán ina ábhar dlíthíochta.

(22) Ba cheart d'Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin Eorpaigh athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na srianta, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar an Cinneadh seo.

(23) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé uaidh a thuairim an 23 Meán Fómhair 2021.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an gCinneadh seo na rialacha atá le leanúint ag an gCoimisiún chun ábhair sonraí a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagail 14, 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus iarrataí agus gearáin á láimhseáil aige faoi na Rialacháin Foirne.

Leagtar síos ann freisin na coinníollacha faoina bhféadfadh an Coimisiún srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagail 4, 14 go 17, 19, 20 agus 35 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (b), (c), (g) agus (h) de.

2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseálann an Coimisiún chun críocha iarrataí agus gearáin a láimhseáil de bhun Airteagail 22c agus 24 agus Airteagal 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne.

3. Áirítear leis na catagóirí sonraí pearsanta a chumhdaítear leis an gCinneadh seo sonraí aitheantais, teagmhála agus iompraíochta chomh maith le catagóirí speisialta sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 2

Eisceachtaí agus srianta is infheidhme

1. I gcás ina bhfeidhmíonn an Coimisiún a dhualgais maidir le cearta na n-ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1725, breithneoidh sé an bhfuil feidhm ag aon cheann de na heisceachtaí a leagtar síos sa Rialachán sin.

2. Faoi réir Airteagail 3 go 7, i gcás ina ndéanfaí, de thoradh feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 17, 19, 20 agus 35 de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseálann an Coimisiún, dochar do na forais a liostaítear in Airteagal 25(1), pointí (b), (c), (g) nó (h) den Rialachán sin, féadfaidh an Coimisiún srian a chur le cur i bhfeidhm na nithe seo a leanas:

(a) Airteagail 14 go 17, 19, 20 agus 35 de Rialachán (AE) 2018/1725; agus

(b) Prionsabal na trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 a mhéid a chomhfhreagraíonn na forálacha atá ann do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 17, 19 agus 20 den Rialachán sin, chun cosc, imscrúdú, brath agus ionchúiseamh cionta coiriúla a chosaint, ar cionta iad a thuairiscíonn iarrthóirí, gearánaigh nó finnéithe do sheirbhísí inniúla an Choimisiúin, i ndáil leis an duine lena mbaineann líomhaintí maidir le ciapadh nó iompraíocht mhíchuí eile nó ionsaithe.

3. Beidh míreanna 1 agus 2 gan dochar do chur i bhfeidhm cinntí eile ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir le soláthar faisnéise d'ábhair sonraí agus cearta áirithe a shrianadh faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Aon srian leis na cearta agus na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2, beidh sé riachtanach agus comhréireach agus na rioscaí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí á gcur san áireamh.

5. Sula gcuirtear srianta i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún measúnú 'cás ar chás' a dhéanamh ar an ngá atá leo agus ar a gcomhréireacht. Ní rachaidh na srianta thar an méid is gá chun a gcuspóir a bhaint amach.

Airteagal 3

Faisnéis a sholáthar do na hábhair sonraí

1. Foilseoidh an Coimisiún fógra cosanta sonraí ar a shuíomh gréasáin chun na hábhair sonraí uile a chur ar an eolas faoina ghníomhaíochtaí a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta chun críocha iarrataí agus gearáin a láimhseáil faoi na Rialacháin Foirne.

2. Déanfaidh an Coimisiún iarrthóirí agus gearánaigh, na daoine lena mbaineann, chomh maith le finnéithe a n-iarrtar orthu faisnéis a sholáthar maidir le hiarrataí nó gearáin den sórt sin, a chur ar an eolas ar bhonn aonair, ar dhóigheanna iomchuí, faoi phróiseáil a sonraí pearsanta.

3. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún srian go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir le hAirteagal 2, le soláthar faisnéise dá dtagraítear i mír 2 do na daoine lena mbaineann, ar daoine iad a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta chun críocha iarrataí agus gearáin a láimhseáil faoi na Rialacháin Foirne, déanfaidh sé na cúiseanna atá leis an srian sin a thaifeadadh agus a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 6.

Airteagal 4

Ceart rochtana na n-ábhar sonraí, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh agus an ceart go gcuirfí srian le próiseáil

1. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún srian, go hiomlán nó go páirteach, le ceart rochtana na n-ábhar sonraí ar shonraí pearsanta, leis an gceart go ndéanfaí léirscriosadh nó leis an gceart go gcuirfí srian le próiseáil, dá dtagraítear in Airteagail 17, 19 agus 20 de Rialachán (AE) 2018/1725, cuirfidh sé an t-ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas, sa fhreagra uaidh ar an iarraidh ar rochtain, ar léirscriosadh nó ar shrianadh próiseála:

(a) maidir leis an srian a chuirtear i bhfeidhm agus na príomhchúiseanna atá leis;

(b) maidir leis an deis gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. Féadfar soláthar faisnéise maidir leis na cúiseanna leis an srian dá dtagraítear i mír 1 a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú a fhad a chuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal.

3. Déanfaidh an Coimisiún na cúiseanna atá leis an srian a thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 6.

4. I gcás ina gcuirfear srian, go hiomlán nó go páirteach, leis an gceart rochtana, féadfaidh an t-ábhar sonraí a gceart rochtana a fheidhmiú trí idirghabhálaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 25(6), (7) agus (8) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 5

Sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl do na hábhair sonraí

I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún srian le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfaidh sé na cúiseanna atá leis an srian a thaifeadadh agus a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 6. Cuirfidh an Coimisiún an taifead in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tráth a thabharfar fógra faoin sárú ar shonraí pearsanta.

Airteagal 6

Srianta a thaifeadadh agus a chlárú

1. Déanfaidh an Coimisiún na cúiseanna atá le haon srian a chuirfear i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo a thaifeadadh, lena n-áirítear measúnú ar an ngá atá leis an srian agus ar a chomhréireacht, agus na heilimintí ábhartha a leagtar amach in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 á gcur san áireamh.

2. Sonrófar sa taifead an bealach a mbainfí an bonn, dá bhfeidhmeodh an t-ábhar sonraí ábhartha an ceart sin, ó cheann amháin nó níos mó de na forais is infheidhme a liostaítear in Airteagal 25(1), pointí (b), (c), (g) agus (h) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Déanfar an taifead agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid ina bhfuil na heilimintí bunúsacha fíorasacha agus dlíthiúla a chlárú. Cuirfear ar fáil iad don Mhaoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí ar iarratas.

Airteagal 7

Fad na srianta

1. Leanfaidh na srianta dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 d'fheidhm a bheith acu a fhad a bheidh na cúiseanna a thug údar leo fós infheidhme.

2. I gcás nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna atá le srian dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5, cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an srian.

3. Soláthróidh sé freisin na príomhchúiseanna atá leis an srian sin a chur i bhfeidhm ar an ábhar sonraí agus cuirfidh sé ar an eolas é faoin deis gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí aon tráth nó sásamh breithiúnach a lorg i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na srianta dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 nuair a thabharfaidh sé freagra ar iarrataí a chuirtear isteach faoi Airteagail 22c agus 24 agus Airteagal 90(1) de na Rialacháin Foirne, agus ar ghearáin a chuirtear isteach faoi Airteagal 22c agus Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, nó nuair a chuirtear clabhsúr le hiarrataí nó gearáin den sórt sin, cibé is túisce. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus faireachán ar bhonn bliantúil ar an ngá atá le haon srian a choinneáil ar bun. Áireofar san athbhreithniú measúnú ar an ngá atá leis an srian agus a chomhréireacht, agus na heilimintí ábhartha a leagtar amach in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 á gcur san áireamh.

Airteagal 8

Coimircí agus tréimhsí stórála

1. Déanfaidh an Coimisiún, eadhon an tAonad um Achomhairc agus Faireachán ar Chásanna de chuid DG HR, coimircí a chur chun feidhme chun mí-úsáid agus rochtain neamhdhleathach nó aistriú neamhdhleathach sonraí pearsanta a chosc, ar sonraí iad a bhfuil feidhm ag na srianta ina leith nó a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm ina leith. Áireofar leis na coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla, mar shampla:

(a) sainmhíniú soiléir ar róil, ar fhreagrachtaí agus ar chéimeanna nós imeachta;

(b) timpeallacht leictreonach shlán chun rochtain neamhdhleathach nó thimpisteach nó aistriú neamhdhleathach timpisteach sonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdaraithe a chosc;

(c) stóráil shlán agus próiseáil shlán le haghaidh doiciméid pháipéarbhunaithe teoranta don mhéid a bhfuil gá leis chun cuspóir na próiseála a bhaint amach;

(d) faireachán cuí ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil ar a gcur i bhfeidhm. Déanfar na hathbhreithnithe dá dtagraítear i bpointe (d) i gceann gach sé mhí ar a laghad.

2. Cuirfear deireadh leis na srianta a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh leis na cúinsí a thugann údar leo.

3. Coinneofar na sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha coinneála infheidhme an Choimisiúin, ar rialacha iad atá le sainiú sna taifid a choinnítear faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2018/1725. Ag deireadh na tréimhse coinneála, scriosfar na sonraí pearsanta, é sin nó déanfar iad a anaithnidiú nó a aistriú chuig cartlanna i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 9

Athbhreithniú ag Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin

1. Cuirfear Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin ar an eolas, gan moill mhíchuí, aon uair a chuirfear srian le cearta na n-ábhar sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Arna iarraidh sin, tabharfar rochtain don Oifigeach Cosanta Sonraí ar an taifead agus ar aon doiciméad ina bhfuil eilimintí bunúsacha fíorasacha agus dlíthiúla.

2. Féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú ar an srian a iarraidh. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh an athbhreithnithe a iarradh.

3. Déanfaidh an Coimisiún doiciméadú ar rannpháirtíocht an Oifigigh Cosanta Sonraí i ngach cás ina gcuirtear srian leis na cearta agus na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN